In anailís a d'fhoilsigh na speisialtóirí fuinnimh Baringa le déanaí ('Cutting Carbon, Cutting Bills: Analysis of gas savings delivered by wind farms in 2022'), Carbón a Ghearradh, Billí a Ghearradh: Anailís ar choigilteas gáis a sholáthair feirmeacha gaoithe in 2022, sholáthair fuinneamh gaoithe 34% d'éileamh iomlán leictreachais na hÉireann, rud a d'éascaigh coigilteas €2 bhiliún d'Éirinn ar allmhairí gáis.

Is féidir le gaoth ar an gcladach cabhrú linn ár spriocanna um fuinneamh in-athnuaite agus gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

Le forbairtí maidir le gaoth ar an gcladach, leanfar d'infheistíocht agus d'fhostaíocht a sholáthar go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil, agus go háirithe do phobail tuaithe.

Cén Fáth Feirmeacha Gaoithe ar an gCladach?

- Luaitear in CAP23 go mbeidh ár dtithe, ár ngluaisteáin, ár n-ionaid oibre, ár siopaí agus ár scoileanna á gcumhachtú ag leictreachas a ghintear in Éirinn ó fhoinsé fuinnimh in-athnuaite faoi 2050 agus go dtiocfaidh 80% den leictreachas a ghintear in Éirinn ó fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030.
- Gineann feirm ghaoithe ar an gcladach leictreachas glan in-athnuaite agus is é an modh táirgthe leictreachais is saoire in Éirinn é (SEAI).
- Ní raibh ar thomhaltóirí Éireannacha €2 bhilliún a íoc as gás in 2022 mar gheall gur sholáthair feirmeacha gaoithe na tíre 34% dár leictreachas. (Tuarascáil Baringa 'Cutting Carbon, Cutting Bills:
- Is in Éirinn atá an dara hacmhainn ghaoithe is mó san Eoraip agus is é fuinneamh gaoithe an acmhainn is mó sa tír a chuireann le fuinneamh in-athnuaite (SEAI).
- Tá gach MW a ghintear coibhéiseach le tuairim is 625 áit chónaithe a chumhachtú ar feadh bliana (SEAI). Tacaíonn an tionscal gaoithe le breis is 6,000 post in Éirinn agus íoctar níos mó ná €30 milliún i rátaí tráchtála le húdaráis áitiúla (WEI) gach bliain ina leith.
- Ba é €1,890 milliún an méid costais bhreosla agus charbóin a díláithríodh a bhuí le cumhacht ghaoithe ar fud oileán na hÉireann ó Eanáir go Meán Fómhair 2022
- Ba é an méid CO₂ a seachnaíodh trí fhuinneamh in-athnuaite a úsáid in 2020 ná 6.6 mhilliún tona CO₂ (MtCO₂). Bhí sé sin coibhéiseach leis na hastuithe CO₂ ó níos mó ná leath de na háiteanna cónaithe go léir in Éirinn.

Feirm Ghaoithe Bheartaithe ag an Moing Mhór

Tá scrúdú á dhéanamh ag RWE faoi láthair maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt in go leor limistéar ar fud na tíre, lena n-áirítear ag an Moing Mhór i gCo. Mhaigh Eo.

D'fhéadfadh Tionscadal beartaithe na Moinge Móire fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint a d'fhéadfadh cabhrú leis na mílte tona de dhé-ocsaíd charbóin a dhíláithriú thar a shaolré.

D'fhéadfadh tairbhí áitiúla follasacha a bheith mar thoradh air freisin, amhail deiseanna fostaíochta le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochta, íocaíochtaí féideartha faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) le Ciste Sochair Pobail nó Ciste Sochair Pobail sonrath ó RWE, agus sochair indíreacha don phobal níos leithne ó rátaí gnó a íocfar le Comhairle Contae Mhaigh Eo ón bhfeirm ghaoithe.

D'fhéadfadh córas stórála fuinnimh ceallraí a bheith ag Feirm Ghaoithe bheartaithe na Moinge Móire chomh maith.



Céard atá ag tarlú anois?

Tá limistéar staidéir tosaigh sainaitheanta ag Foireann Forbartha RWE do Thionscadal beartaithe na Moinge Móire, le haghaidh suas le 13 thuirbín gaoithe (le toilleadh chomh hard le 86MW) le bóithre inmheánacha gaolmhara, fostáisiún leictreachais, cáblaí faoi thalamh agus oibreacha coimhdeacha, agus saoráid stórála ceallraí.

Comhairliúchán Poiblí

Ceist lárnach i gcás fhorhmór na dtionscadal mór is ea cé acu a bhreathnaítear nó nach mbreathnaítear ar an bhforbairt mar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (SID).

De réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006, áirítear ar bhonneagar fuinnimh a mheastar gur SID é 'Suiteáil chun leas a bhaint as cumhacht na gaoithe chun fuinneamh a tháirgeadh (feirm ghaoithe) ag a bhfuil níos mó ná 25 tuirbín nó ag a bhfuil aschur iomlán is mó ná 50 meigeavata' (50MW).

Ag an gcéim seo den tionscadal, measaimid go mbeidh aschur chomh hard le 86MW ag an bhfeirm ghaoithe bheartaithe ag an Moing Mhóir agus mar sin samhlaímid go mbeidh acmhainneacht os cionn 50MW ag an bhforbairt agus is dócha go dtiocfaidh sí faoin bpróiseas SID. Beidh ar RWE próiseas comhairliúcháin réamhphleanála a dhéanamh leis an mBord Pleanála chun a chinneadh gan dabht ar bith cé hé an t-údarás toilithe.

Faoin Acht Pleanála 2006, ní théann iarratas pleanála SID chuig an údarás pleanála áitiúil (Comhairle Contae Mhaigh Eo) ach cuirtear é díreach chuig an mBord Pleanála (ABP) go ndéanfar cinneadh ina leith.

Mar sin féin, is féidir le duine ar bith tuairimí faoin

iarratas atá beartaithe a chur faoi bhráid ABP beag beann ar an údarás pleanála faoina dtagann sé.

Tá RWE tiomanta do rannpháirtíocht an phobail ina chuid tionscadal ar fad agus tá sé ag cur tús le tréimhse chomhairliúcháin réamhphleanála le páirtithe leasmhara anois, go háirithe cónaitheoirí áitiúla, chun ceistanna a fhreagairt agus chun aiseolas a bhailiú faoin tionscadal atá beartaithe.

Tá súil againn go mbeimid in ann cuairt a thabhairt ort go haonarach agus muid ag tabhairt faoinár ngnáthchaidreamh ó dhoras go doras. Ar ndóigh is féidir glaach orainn ar 087 151 9219 má bhíonn aon cheist agat. Is féidir linn glaonna ar Zoom nó Skype a éascú freisin.

Fáiltímid roimh chomhfhreagras ar ríomhphost chuig ár seoladh ríomhphoist tiomnaithe don tionscadal (muingmore@rwe.com) nó tríd an bpost chuig ár n-oifig i gCill Chainnigh ag Tionscadal na Moinge Móire, RWE Renewables, Teach Mhic Dháith, An tSráid Nua Íochtarach, Co. Chill Chainnigh, R95 H488.


Tá suíomh gréasáin don tionscadal againn freisin agus tabharfar cothrom le dáta é leis an eolas ábhartha de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh. Tá teacht air ag www.rwe.com/muingmore

Na Chéad Chéimeanna Eile

Beidh an t-aiseolas ar fad a gheofar ón gcomhairliúchán réamhphleanála seo agus ón rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil mar bhonn eolais do dhearadh na feirme gaoithe beartaithe.

Nuair a bheidh d'aiseolas ionchorpraithe againn sa tionscadal beartaithe, rachaimid i dteagmháil leis an bpobal arís chun tú a thabhairt cothrom le dáta.

Treochlár an Tionscadail





* Tá RWE Renewables i mbun plé le Coillte faoi láthair maidir le codanna de mhaoin Choillte a chur san áireamh sa togra sa bhreis ar thailte ar le trú páirtithe iad.

Má bhíonn aon cheist agat a bhaineann go sonrach le Coillte, déan teagmháil leo ag isinfo@coillte.ie

Cén fáth a bhfuil an Mhoing Mhór oiriúnach d'fheirm ghaoithe?

Tá ceisteanna éagsúla le breithniú chun láithreán atá oiriúnach d'fheirm ghaoithe a shainaithint, mar a leagtar amach thíos ar bhealach níos mionsonraithe sa roinn 'Mar a Chinneann Forbróirí Cá hÁit a d'Fhéadfaí Feirm Ghaoithe a Lonnú'.

Go hachomair, tá Tionscadal beartaithe na Moinge Móire lonnaithe i limistéar ina bhfuil luasanna gaoithe cuí agus talamh oiriúnach ar fáil chun feirm ghaoithe a fhorbairt. Tá an talamh i limistéar atá sainithe i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028 mar 'Sraith 1 - Rogha' le haghaidh forbairt feirme gaoithe.

Níl limistéir atá ainmnithe mar láithreáin Eorpacha faoi Chosaint Natura 2000 i gceist le láithreán Thionscadal beartaithe na Moinge Móire, rud a chiallaíonn nach Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) ná Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) é, agus níl aon Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá ainmnithe go náisiúnta ann ach oiread (NHA)

Tá achar dóthanach talún ag an láithreán molta chun feirm ghaoithe a lonnú ann agus ag an am céanna achar cuí a choinneáil ó áitribh de réir threoirlínte an rialtais, is é sin 4 oiread airde na rinne, nó 800m ón áit chónaithe is gaire i gcás thuirbín a bhfuil rinn 200m ar airde aige.

Fíorais faoin bhFeirm Ghaoithe Bheartaithe ag an Moing Mhór

- Tá an fheirm ghaoithe atá beartaithe agus an áis stórála ceallraí suite thart ar 11km siar ó Bhaingear agus thart ar 4km ó thuaidh de Ghaoth Sáile.
- Cuimsíonn an limistéar staidéir tailte ag an Moing Mhór agus ag Dumha Locha agus tá {2}achar thart ar 455 heicteár ann
- Tá laghportach, talamh talmhaíochta agus talamh foraoiseachta i limistéar an fheirm ghaoithe atá á bhreithniú. D'fhéadfadh na húsáidí talún sin a bheith fós ar bun fiú dá mbeadh feirm ghaoithe ar an láithreán
- Bunaithe ar thorthaí staidéar tosaigh, meastar go bhféadfadh an fheirm ghaoithe atá beartaithe freastal ar suas le 13 tuirbín
- D'fhéadfadh gach tuirbín gaoithe a bheith suas le 200 méadar ar airde (ó bhonn an tuirbín go barr lann an tuirbín, agus na lanna ina seasamh)
- Bunaithe ar an teicneolaíocht tuirbín atá ar fáil faoi láthair, d'fhéadfadh acmhainneacht gach tuirbín beartaithe a bheith chomh hard le 6.6MW, rud a d'fhágfadh go mbeadh acmhainneacht iomlán measta chomh hard le 86MW ag an bhfeirm ghaoithe bheartaithe.

Cad iad na tairbhí don phobal áitiúil?

Ciste Sochair Pobail agus an Scéim RESS

Má thugtar cead pleanála d'fheirm ghaoithe na Moinge Móire, tá RWE tiomanta pacáiste sochair pobail a bhunú chun tacú leis na cónaitheoirí is gaire don tionscadal.

Oibreimid go dlúth leis an bpobal chun an pacáiste tacaíochta airgeadais sin a chur in oiriúint lena chinntiú go mbeidh daoine áitiúla i gcroílár an chaoi a n-oibríonn an tacaíocht sin agus an chaoi a ndéantar cinntí.

Má éiríonn leis an tionscadal sa cheant faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) agus má éilítear ciste sochair pobail mar chuid de RESS, soláthróidh RWE ciste sochair pobail de réir riachtanais uile RESS.

Ciste Sochair Pobail agus an Scéim RESS

In 2020 sheol an Rialtas an Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) do phobail a chónaíonn gar d'fheirmeacha gaoithe ar an gCladach.

Príomhghné de RESS is ea go gcaithfidh gach tionscadal giniúna leictreachais in-athnuaite Ciste Sochair Pobail a bhunú le húsáid ar mhaithe le leas eacnamaíoch, comhshaoil, sóisialta agus cultúrtha níos leithne an phobail áitiúil.

Sonraítear i RESS, le haghaidh gach uaire meigeavata (MWh) de leictreachas a ghintear, go

gcuirfidh gach tionscadal feirme gaoithe €2 le Ciste Sochair Pobail gach bliain a mhairfidh an tionscadal (mar a shainítear faoi théarmaí agus coinníollacha RESS2) ar feadh ré iomlán na tacaíochta RESS, arb í 15 bliana í, de ghnáth.

Beidh an ciste sin faoi smacht an phobail áitiúil. Tá an ciste á rialú ag Téarmaí agus Coinníollacha RESS freisin lena n-áirítear liosta de na coinníollacha nach mór don chiste cloí leo.

Tá acmhainneacht ionchasach suiteáilte thart ar 86MW ag an bhfeirm ghaoithe a bheartaítear ag an Moing Mhór.

Má tá téarmaí agus coinníollacha amach anseo cosúil le riachtanais RESS2, d'fhéadfadh go n-íocfaí breis agus €527,000 isteach i gciste pobail gach bliain (bunaithe ar an méid leictreachais a d'fhéadfadh an fheirm ghaoithe a ghiniúint gach bliain).

Beidh méid an mhaoinithe ag brath ar acmhainneacht dheiridh na feirme gaoithe agus ar an méid leictreachais a ghinfidh na tuirbíní go bliantúil, nuair a bheidh siad i bhfeidhm.

Sonraítear i dTreoirínte RESS an Rialtais (Téarmaí agus Coinníollacha don Dara Comórtas faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite RESS2 Deireadh Fómhair 2021), go ndéanfar na Cistí Sochair Pobail a ghinfear a dháileadh de réir na dtreoirínte atá mar seo a leanas:

A. “Maidir le Tionscadail Ghaoithe ar an gCladach RESS2, íocfar íosmhéid de €1,000 le gach teaghlach atá suite laistigh d’achar 1 chiliméadar ón Tionscadal RESS”

B. “Íocfar 40% ar a laghad de na cistí le fiontair phobail neamhbhrabúis arb é a bpríomhfhócas nó a bpríomhaidhm tionscnaimh a chur chun cinn chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe a bhaint amach, go háirithe Sprioc 4 (Oideachas Ardchaighdeán), Sprioc 7 (Fuinneamh Inacmhainne agus Glan), Sprioc 11 (Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe) agus Sprioc 13 (Gníomhú ar son na hAeráide)”

C. “Is féidir uasmhéid de 10% de na cistí a chaitheamh ar riarachán. Is amhlaidh atá chun torthaí rathúla agus dea-rialachas an Chiste Sochair Pobail a chinntiú. Féadfaidh an Gineadóir an caiteachas sin ar riarachán a fhorlíonadh óna chistí dílse má mheastar gur gá déanamh amhlaidh.”

D. “Caithfear iarmhéid na gcistí ar thionscnaimh a n-éireoidh leo sa phróiseas bliantúil iarratais, mar atá molta ag clubanna agus cumainn agus ag eintitis neamhbhrabúis chomhchosúla, agus i ndáil le Tionscadail Gaoithe ar an gCladach RESS2, ar ‘íocaíochtaí comharsanachta’ do theaghlaigh atá suite lasmuigh d’achar 1 chiliméadar ón Tionscadal RESS2 ach laistigh d’achar 2 chiliméadar Thionscadal RESS2 dá leithéid’

Ciste Sochair Pobail tar eis 15 bliana - Sochar Pobail breise RWE

Chomh maith leis na 15 bliana de Chistí Sochair Pobail mar a shonraítear in RESS2, beidh RWE tiomanta do chiste sochair pobail a choinneáil ar bun ar feadh shaolré iomlán na feirme gaoithe (chomh fada le 35 bliain) ag teacht le dea-chleachtas agus treoirlínte.

An Ciste a Riar

De réir Threoirlínte RESS, déanfaidh eagraíocht neamhspleách gach Ciste Sochair Pobail a riar go trédhearcach agus íocfar aon chostais riaracháin as an gCiste Sochair Pobail (suas le 10% den chiste). Tacaíonn RWE le forbairt ar phróiseas maoinithe lena gcuirtear cinnteoireacht faoi smacht na bpobal áitiúil.

Chuirfeadh painéal d'ionadaithe pobail áitiúla coiste le chéile chun cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi is fearr leis an gciste a infheistiú i dtionscadail éagsúla a d'fhéadfadh a bheith chun leasa cónaitheoirí, gnólachtaí áitiúla agus an phobail.

D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin forbairt scileanna agus cruthú deiseanna fostaíochta, tionscnaimh turasóireachta agus tionscadail athnuachana ceantair.



Poist agus Deiseanna Slabhra Soláthair

D'fhéadfaí suas le 70 post a chruthú le linn na 1.5–2 bhliain tógála agus le linn oibriú na Feirme Gaoithe beartaithe ag an Moing Mhór ina dhiaidh sin. Gheofar formhór na n-ábhar tógála go háitiúil nuair is féidir, rud a chuirfidh fostaíocht sa limistéar chun cinn.

Nuair a bheidh na príomhchonarthaí innealtóireachta sibhialta agus tuirbíní déanta, beidh deiseanna ann do chuideachtaí slabhra soláthair áitiúla tairiscintí a chur isteach ar chonarthaí lena n-áirítear bainistíocht tráchta, soláthar ábhar, gléasra ar cíos, fálú, soláthar breosla, slándáil, bainistíocht dramhaíola, comharthaíocht agus soilsíú, teileachumarsáid, draenáil agus fáilteachas.

Rátaí Gnó

Buntáiste suntasach níos leithne a bhainfeadh le Feirm Ghaoithe bheartaithe na Moinge Móire is ea an ranníocaíocht rátaí gnó bliantúil a d'íocfaí le Comhairle Contae Mhaigh Eo (bunaithe ar acmhainneacht shuiteáilte an tionscadail) a bheadh le híoc ar feadh shaolré oibriúcháin iomlán na feirme gaoithe. Beidh na rátaí gnó sin go mór chun leasa an gheilleagair áitiúil i gcoitinne agus d'fhéadfadh sé gurbh ionann iad agus ranníocaíocht bhliantúil thart ar €18,000 in aghaidh an MW in aghaidh na bliana don Chontae, méid atá cothrom le thart ar €1.5 mhilliún in aghaidh na bliana.

Treoirlínte Forbartha um Fhuinneamh Gaoithe

Rialaítear dearadh feirmeacha gaoithe in Éirinn le sraith dlíthe, rialachán agus treoirlínte ón Rialtas maidir le pleanáil comhshaoil, lena n-áirítear na Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe (2006), na Dréacht-Treoirlínte Athbheithnithe um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe (2019), an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, Tuarascáil ón EPA ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Treoirlínte um Measúnacht Chúí (AA).

Cuirtear roinnt mhaith tosca agus critéar san áireamh leo sin. Cloífidh RWE leis na dlíthe agus leis na treoirlínte pleanála is déanaí.

Sonraítear sna Dréacht-Treoirlínte Athbheithnithe maidir le Fhuinneamh Gaoithe (2019) ‘ní chóir go gcuirfeadh caochaíl scáileanna as d’aon áitreabh nó d’aon mhaoín atá ann (m.sh. áiteanna oibre nó scoileanna atá ann)’. Tugtar le tuiscint i dTreoirlínte 2019 freisin nach féidir leibhéal torainn a bheith os cionn ‘uasleibhéal torainn 43dB’ (thart ar an leibhéal céanna torainn a dhéanann cuisneoir). Cé gur ‘Dréacht-Treoirlínte’ um Fhuinneamh

Gaoithe iad seo agus nach bhfuil siad socraithe go fóill ag na húdaráis phleanála, cloífidh RWE leis na dlíthe, na rialacháin agus na treoirlínte pleanála is déanaí atá i bhfeidhm tráth a chuirfear an t-iarratas isteach. Cinnteoidh RWE nach dtarlóidh caochaíl scáileanna ag aon áit chónaithe.

Mar atá forordaithe faoi reachtaíocht an AE agus faoin reachtaíocht náisiúnta, ní mór Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) a dhéanamh ar aon fhorbairt feirme gaoithe beartaithe a bhfuil níos mó ná 5 thuirbín acu nó a bhfuil aschur iomlán níos mó ná 50MW acu, agus ní mór a cheangal ar iarratasóir pleanála ionchasach Tuarascáil chuimsitheach ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) a ullmhú agus a chur isteach.

Faoi réir scagadh don cheangal maidir le Measúnacht Chúí (AA), d’fhéadfadh go mbeadh gá le Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a ullmhú d’fhorbairtí feirme gaoithe atá beartaithe.

Cuireann torthaí an EIAR, an scagadh AA agus/nó an NIS leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le leagan amach feirme gaoithe a dhearadh.

Gealltanas RWE – ‘Oidhreacht Bheo’

Gheall RWE go soláthróidh sé gnéithe dearfacha bithéagsúlachta i ngach ceann dá thionscadail nua feirme gaoithe de réir mar a fhorbrófar iad. Agus feirm ghaoithe á pleanáil agus á tógáil, is minic is féidir feabhsuithe ar an mbithéagsúlacht a chuimsiú laistigh de theorainn an tionscadail, amhail locháin, bogaigh nó móinéir bhláthanna fiáine a fhorbairt, crainn agus toir dhúchasacha a chur, criosanna a thacaíonn le féileacáin agus éanlaith a chruthú agus limistéir ‘fhiáine’ a sholáthar ar an láithreán.

Oibreoidh RWE le húinéirí talún áitiúla agus le héiceolaithe chun limistéir laistigh den fheirm ghaoithe a fhorbairt chun iad a athbhunú go héiceolaíoch nó chun iad a bhreisiú agus a fheabhsú ar bhealach eile ar mhaithe leis an bhfiadhúlra, rud a chuirfidh ar chumas RWE oidhreacht bheo a fhágáil ina dhiaidh ag gach ceann dá fheirmeacha gaoithe.





Mar a chinneann forbróirí cá háit a d'fhéadfaí feirm ghaoithe a lonnú

1

Déantar measúnú ar na limistéir a bhfuil poitéinseal gaoithe iontu, ó limistéir ina bhfuil acmhainní fairsinge fuinnimh gaoithe go dtí acmhainní gaoithe nach bhfuil chomh mó sin, agus úsáid á baint as Atlas Gaoithe d'Éirinn an SEAI.

2

Déantar athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae chun na limistéir sin atá criosaithe go straitéiseach ag an gComhairle Contae/údarás pleanála áitiúil le haghaidh forbairt ghaoithe a shainiú. n éineacht leis an bplean, ullmhaítear meastóireacht ar an tírdhreach agus ar a fogaireacht maidir le forbairtí fuinnimh gaoithe.

3

Tailte oiriúnacha a shainiú sa limistéar atá mór go leor le freastal ar fheirm ghaoithe, agus achar cuí ó áiteanna cónaithe a choinneáil, ag teacht le treoír náisiúnta agus dea-chleachtas. Identify any Natura 2000 Sites or national environmentally designated sites in the area are identified and avoided.

4

Sainiúitear agus seachnaítear aon Láithreán Natura 2000 sa limistéar, nó aon láithreán atá ainmnithe mar láithreán náisiúnta don chomhshaol.

5

Déantar na limistéir a sainiú sna céimeanna thuas a chomhtháthú le faisnéis maidir le hinrochtaineacht ar eangacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais.

6

Tar éis na n-imscrúduithe tosaigh sin, sainiúitear limistéar ionchasach lena fhorbairt agus is é an chéad chéim eile ná 'srianta' a shainiú.

7

Déantar iad sin a mhapáil ansin agus sainiúitear na dáileachtaí talún atá fágtha agus d'fhéadfadh freastal ar fheirm ghaoithe.

Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR)

Is doiciméad é an EIAR ina dtugtar tuairisc ar an bhforbairt a bheartaítear agus lena dtuairiscítear ar gach saincheist a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfeirm ghaoithe bheartaithe ar an gcomhshaol.

Tá sé mar chuid den iarratas pleanála a chuirtear faoi bhráid an Údaráis Áitiúil nó an Bhoird Pleanála lena bhreithniú.

Tá go leor caibidlí mionsonraithe sa Tuarascáil lena n-áirítear Cúlra don Fhorbairt atá Beartaithe,

Roghnú Láithreáin agus Tuairisc ar an Tionscadal. Breathnaítear sa Tuarascáil ar éifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha tionscadail ar na tosca seo a leanas: a) daonra agus sláinte an duine; b) bithéagsúlacht, agus aird ar leith á tabhairt ar speicis agus ar ghnáthóga atá faoi chosaint faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE; c) talamh, ithir, uisce, aer agus aeráid; d) sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha agus an tírdhreach; e) an t-idirghníomhú idir na tosca dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d).

Cad atá i gceist le Feirm Ghaoithe?

Is féidir le feirm ghaoithe a bheith comhdhéanta de roinnt struchtúr lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, tuirbíní, córas stórála fuinnimh ceallraí, cáblaí faoi thalamh ó na tuirbíní go fostáisiún leictreach agus struchtúr an fhostáisiúin féin.

Chomh maith leis sin bheadh gréasán bóithre ar an láithreán a nascadh na tuirbíní agus an fostáisiún le chéile le haghaidh oibríochtaí foirne agus cothabháil. Is gá feirm ghaoithe a nascadh leis an eangach leictreachais agus is féidir é sin a dhéanamh trí nascadh le líne cumhachta lastuas oiriúnach in aice láimhe nó trí úsáid a bhaint as cáblaí faoi thalamh chun an fuinneamh in-athnuaite a thabhairt chuig fostáisiún in aice láimhe.

Tuirbíní Gaoithe

Baineann na tuirbíní gaoithe leas as fuinneamh na gaoithe agus athraíonn siad go leictreachas é sula n-íompraítear chuig an eangach náisiúnta é lena dháileadh.

Go ginearálta, dá mhéad an tuirbín is ea is mó fuinnimh is féidir leis a tháirgeadh.

In Éirinn, déantar feirmeacha gaoithe a dheardh le líon níos lú de tuirbíní níos cumhachtaí chun fuinneamh gaoithe in-athnuaite ón láithreán a uasmhéadú.

Córas Stórála Fuinnimh Ceallraí (BESS)

Le córas stórála fuinnimh ceallraí, déantar seachadadh tapa leictreachais isteach san eangach chun freagra tapa a thabhairt ar athruithe minicíochta chun cabhrú le headrannacht nó luaineachtaí i nginiúint leictreachais a chothromú agus mar sin cabhrú leis an eangach a chobhsú, agus soláthar iontaofa a ráthú d'úsáideoirí. Is féidir é a úsáid freisin chun cúltaca gearrthéarmach leictreachais a sholáthar chun dul i ngleic le gearradh cumhachta agus chun soláthar leictreachais níos cobhsaí agus níos sláine a choinneáil ar bun.

De ghnáth bíonn córas stórála fuinnimh ceallraí comhdhéanta demhodúil de chlaochladáin agus inbhéartóirí leictreachais stáisiúin agus modúil stórála ceallraí i gcoimeádáin ar struchtúir tacaíochta coincréite.

Bóithre rochtana

Tá gá le gréasán bóithre rochtana chun na comhpháirteanna a sheachadadh chuig an suíomh agus chun rochtain na foirne oibriúcháin ar na tuirbíní a éascú le haghaidh gnáthchothabhála.

Déanaimid ár ndícheall rianta reatha a úsáid agus déanaimid bóithre a dheardh feadh teorainneacha páirce chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu a laghdú.


Úsáideann úinéirí talún na rianta sin ar iad a thógáil.

Cáblaí faoi thalamh

Tá gach córas stórála fuinnimh tuirbín gaoithe agus ceallraí ceangailte leis an bhfostáisiún trí chábla faoi thalamh, a ritheann taobh leis an ngréasán bóithre rochtana, de ghnáth.

Fostáisiún

Déantar an leictreachas a ghineann na tuirbíní a thabhairt ar ais trí na cáblaí faoi thalamh chuig an bhfostáisiún sula ndéantar é a tharchur lasmuigh den láithreán chuig an ngréasán náisiúnta eangaí trí bhealach cábla faoi thalamh a bheidh mar chuid den chomhairliúchán poiblí.



TÁ DO BHARÚLACHA TÁBHACHTACH DÚINN

Ba mhaith linn cloisteáil ón bpobal áitiúil agus deis a thabhairt duit tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, cur ar do chumas aon cheist a chur agus do chuid smaointe agus inní a chur san áireamh i bhforbairt dearaidh an tionscadail.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh gréasáin:

www.rwe.com/muingmore



Glaigh ar **087 1519219** agus labhróidh ball dár bhfoireann leat



Seol ríomhphost chugainn ag **muingmore@rwe.com**

Scríobh chugainn ag:



Tionscadal na Moinge Móire, RWE Renewables Ireland Limited, Teach Mhic Dháith, An tSráid Nua Íochtarach, Co. Chill Chainnigh, R95 H488



RWE Renewables

Is ceannaire domhanda é RWE Renewables (RWE) i nginiúint cumhachta in-athnuaite ag a bhfuil punann mór tionscadal maidir le fuinneamh ghaoithe ar an gcladach agus amach ón gcósta, fuinneamh gréine fótavoltach (PV) mórsála, agus tionscadal stórála ceallraí.

Tá RWE Renewables Ireland tar éis é féin a bhunú mar phríomhghníomhaí i margadh fuinnimh na hÉireann agus tá méadú ag teacht ar an bpunann tionscadal atá aige i gcúrsaí forbartha agus oibríochtaí.

Tá RWE Renewables in Éirinn ó 2016 agus tá dhá oifig aige anois, ceann i gCathair Chill Chainnigh agus ceann i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Tá feirm ghaoithe infheidhme amháin ag RWE i gCiarraí agus dhá áis stórála ceallraí infheidhme,

ceann i Muineachán agus ceann i mBaile Átha Cliath.

Tá ceithre fheirm ghaoithe ar an gcladach agus dhá fheirm ghaoithe amach ón gcósta á bhforbairt ag RWE.

Is é cuspóir RWE a bheith ina chomhpháirtí fuinnimh fadtéarmach d'Éirinn le linn don tír a bheith ag aistriú go neodracht carbóin.

Ar aon dul leis sin, tá sé mar aidhm ag RWE a phunann in Éirinn a mhéadú tuilleadh agus deiseanna nua á lorg go gníomhach aige chun dul i gcomhpháirtíocht le tionscadail agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus iad a fhorbairt.

Tionscadal na Moinge Móire, RWE Renewables Ireland Limited, Teach Mhic Dháith, An tSráid Nua Íochtarach, Co. Chill Chainnigh, R95 H488

RWE

